Cód Iompraíochta Choláiste Chara

Réasúnaíocht

Féachann Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Chara le timpeallacht shlán shábháilte foghlama a chur ar fáil dár gcuid scoláirí ar na cúrsaí uilig. Tá Cód Iompraíochta an choláiste bunaithe ar mheas ort féin, ar dhaoine eile agus ar an timpeallacht s'againn, ionas go mbeidh atmaisféar dearfach agus comhoibritheach ann.

Is iomaí duine a oibríonn le chéile sa choláiste agus mar sin de tá gá le hardleibhéal cúirtéise agus meas ar dhaoine eile. Tá cúirtéis agus meas tuillte go speisialta ag mná na dtithe. Ní féidir glacadh le hiompar atá dímhúinte, bearránach, contúirteach nó a chuireann isteach ar dhaoine. Tá ár gCód bunaithe ar an scolaire a aithint mar dhuine aonair agus go fóill cruthaítear atmaisféar ina gcosnaítear leas an uile dhuine.

Ba mhaith linn go mbainfidh gach scoláire taitneamh agus tairbhe as cúrsa i gColáiste Bhríde agus go mbeidh siad slán sabháilte ag an am céanna. Cuirtear béim ar ghéithe dearfacha d'iompar na scoláirí mar tuigeann muid go bhfuil moladh tábhachtach.

Is féidir iompar míshásúil scoláirí a roinnt ina thrí chuid mar seo a leanas:

Mionshárú rialacha mar gan a bheith ag éisteacht sa rang, a bheith callánach sa rang, sa teach nó áit ar bith eile, a bheith garbh ag súgradh, a bheith dimúinte, gan a bheith in am, an suanlios a fhágáil mishleachtmhar agus rl.

Mórshárú rialacha mar bulaíocht, iad féin nó páiste eile a chur i mbaol, gadaíocht, damáiste a dhéanamh don choláiste nó do rudaí nach leo iad

Ollshárú rialacha mar scoláire eile nó múinteoir a bhuaileadh, damáiste mór a dhéanamh don choláiste nó do rudaí nach leo iad, ag fágáil an coláiste gan cead, bulaíocht leanúnach, iad féin nó scoláire eile a chur i mbaol.

Spriocanna / Cuspóirí: Is iad aidhmeanna an Chóid Iompraíochta againn:

• Atmaisféar a chruthú a spreagann agus a chuireann le dea-iompar
• Timpeallacht dhearfach agus shábháilte a chruthú le haghaidh foghlama agus teagaisc
• Caidrimh dhearfacha cóimheasa agus comhthacaíochta a thógáil i measc scoláirí, baill foirne, mná tithe agus bunadh na háite.
• Scoláirí a spreagadh le freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus as a n-iompar
• Nósanna éifeachtacha imeachta a bheith in áit a éascóidh reáchtáil an choláiste ó lá go lá agus a thig le héilimh na reachtaíochta reatha A chinntiú go dtuigeann tuismitheoirí, scoláirí, an fhoireann agus an bhainistíocht an Cód Iompraíochta agus na fáthanna atá leis

• Straitéisí a leagan amach chun iompar míshásúil a chosc
• Bealaí a leagan amach chun iompar dearfach a aithint
• Struchtúr smachtbhannaí cothroma agus seasmhacha a leagan amach a úsáidfear mar fhreagra ar iompar diúltach

Róil agus Freagrachtaí

Cruthaíonn gach duine i gColáiste Chara atmaisféar an choláiste. Tá freagracht ar gach duine dea-iompar a chur chun cinn agus tá ról acu bheith ag cur le caidrimh dhearfacha measa agus muiníne. Tá an coláiste ag súil leis go ndéanfaidh scoláirí a ndícheall i gcónaí tacú leis an chód iompraíochta seo.

Tá Coláiste Chara ag súil leis go seasfaidh tuismitheoirí leis an chód agus go spreagfaidh siad a gcuid mac/iníonacha le cloí leis agus go míneoidh siad an cód dóibh roimh imeacht chun na Gaeltachta dóibh. Is mór an tionchar a imríonn cáilíocht an chaidrimh idir múinteoirí agus scoláirí ar iompraíocht sa choláiste. Cothaíonn an cód caidrimh iontaoibh idir múinteoirí agus scoláirí.

Aithníonn Coláiste Chara gurb é réimse an teagaisc agus na foghlama príomhfhócas an mhúinteora, ach go mbíonn ról fíorthábhachtach acu i dtaca le bainistíocht iompair. Tá freagracht ar bhaill eile den fhoireann nach múinteoirí iad agus fostaithe eile de chuid an choláiste agus mná tithe teagmhais mhí-iompair a fheiceann siad a thuairisciú.

Rialacha agus Rialacháin Choláiste Chara

Bíonn rialacha Choláiste Bhríde i bhfeidhm i rith an ama nuair a bhíonn tú ag freastal ar chúrsa de chuid an choláiste. Cuireann na rialacha síos i dtéarmaí simplí ar an dóigh le tú féin a iompar chun foghlaim go maith agus chun forbairt le linn duit a bheith ag freastal ar Choláiste Chara. Tá siad ann le cosaint a dhéanamh ar an cheart atá ag scoláirí chun foghlama agus ar an cheart atá ag múinteoirí chun teagaisc i dtimpeallacht atá sábháilte measúil agus comhbhách.

Baineann na rialacha seo le iomlán imeachtaí an choláiste idir ranganna maidne, damhsa, sluaamhránaíocht, ceol, cluichí agus comórtais spóirt, snámh, cuairt chuig an trá agus imeachtaí eile uisce, céilithe agus siamsaíocht eile, searmanais eaglasta, ar bhusanna an choláiste agus ar thurasanna agus sna tithe loistín. Mar sin de

Táimid ag súil leis:

1. Go ndéanfaidh tú do dhícheall ag foghlaim Gaeilge agus ag caint Gaeilge.
2. Go mbeidh meas agat ort féin, ar dhaoine eile agus agus ar mhaoin
3. Nach mbainfidh tú úsáid as aon subtaintí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh duit
4. Go gcoinneoidh tú tú féin agus daoine eile slán sábháilte
5. Go n-iompróidh tú tú féin mar is cuí

1. Go ndéanfaidh tú do dhícheall ag foghlaim Gaeilge agus ag caint Gaeilge. Ciallaíonn sin:

a) Déanann tú iarracht Gaeilge a labhairt sna ranganna Gaeilge maidne, ag na ranganna damhsa agus ceoil, ag amanna cluichí, ag imeachtaí oíche agus imeachtaí eile siamsaíochta, ar thurasanna agus sna tithe loistin.
b) Éisteann tú go hairdeallach agus go nglacann tú páirt go gníomhach sna ranganna.
c) Ní chuireann tú isteach ar ranganna nó ar aon imeachtaí eile. d) Bíonn peann agus cóipleabhar agat sna ranganna foirmeálta gach maidin.
e) Cleachtaíonn tú do chuid Gaeilge i rith an ama ar an chúrsa ag gach imeacht, thart fán choláiste agus sa teach loistín le do chuid cairde, múinteoirí agus bean a'tí.

Mar:

• Is í an Ghaeilge teanga teagaisc agus cumarsáide i gColáiste Chara.
• Tá an múinteoir ag iarraidh cuidiú leat.
• Is cur amú ama é na ranganna mura mbíonn cóipleabhar agus peann leat.
• Tá sé míchothrom ar dhaoine eile sa rang atá ag iarraidh foghlaim má bhíonn tusa ag cur isteach ar ranganna.
• Tá dualgas ar an choláiste gach iarracht a dhéanamh go bhfeabhsóidh líofacht agus cumas do chuid Gaeilge le linn do thréimhse sa Ghaeltacht.

2) Go mbíonn meas agat ort féin, ar dhaoine eile agus ar mhaoin Ciallaíonn sin:

a) Caithfidh scoláirí géilleadh d'údarás an Ardmháistir, na múinteoirí agus na mná tí i rith an ama.
b) Léiríonn tú meas ar fhoireann an choláiste, ar do chuid comhscoláirí, ar do bhean a' tí, ar bhunadh na háite agus ar an chomharsanacht i gcoitinne.
c) Bíonn tú cuidiúil agus caitheann tú go béasach agus measúil le scoláirí eile, foireann múinteoirí agus bean a' tí.
d) Bíonn meas agat ar threoracha ó mhúinteoirí, bean a'tí agus bainistíocht an choláiste.
e) Ní dhéanann tú bulaíocht ar scoláirí eile ó bhéal ná go fisiceach.
f) Ní úsáideann tú teanga atá ionsaitheach ná maslach.
g) Baineann tú úsáid as na cannaí bruscair sa choláiste, i gclós an choláiste agus sna tithe loistín.
h) Bíonn meas agat ar shealúchas an choláiste, sealúchas bhean a' tí agus sealúchas daoine eile.
i) Iompraíonn tú tú féin go sásúil ar na busanna agus a chinntiú nach ndéanfaidh tú damáiste ar bith do na busanna. Caithfidh tú glacadh le cibé treoracha a thugann and tiománaí duit.
Mar:

• Is faoin Ardmháistir, na múinteoiri agus bean a' tí atá sé aire a thabhairt duit.

• Tá scoláirí eile i dteideal dea-bhéasa agus meas bheith orthu, do dhalta féin
• Tá do mheas agus do chomhoibriú ag dul do mhúinteoirí agus do mhná na dtithe.

• Is cúis eagla, ghortaithe agus imní í an bhulaíocht.
• Léiríonn caint mhaslach ionsaitheach dímheas agus goilleann sé ar dhaoine.
• Tá sé de fhreagracht ar gach duine timpeallacht an choláiste agus timpeallacht na dtithe loistín a choinneáil pléisiúrtha agus slán ó bhruscar.
• Bheifeá ag iarraidh go dtabharfadh daoine an meas céanna do do chuid rudaí féin.
• Tá dualgas ar gach scoláire a úsáideann córas iompair an choláiste a chinntiú nach ndéantar aon damáiste do na busanna.

3) Nach mbainfidh tú úsáid as aon subtaintí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh duit Ciallaíon sin:

a) Tá cosc iomlán ar alcól, drugaí mídhleathacha agus gach aon substaintí eile mídhleathacha.

b) Níl cead agat drugaí nó aon substaintí eile mídhleathacha a thógáil, bheith i do sheilbh agat, baint a bheith agat leo nó an chuma art gur thóg tú iad.
c) Tá cosc ar chaitheamh toitíní.
d) Tá cosc ar ólachán.
e) Ní bhíonn toitíní, e-toitíní, lastóirí, ná cipíní i do sheilbh agat nó in úsáid agat in am ar bith.
f) Níl cead agat gabháil isteach i dteach tabhairne, deoch meisciúil a ól, deoch meisciúil a bheith i do sheilbh agat, baint a bheith agat le hólachán nó an chuma ort gur ghlac tú ólachán.
g) Níl cead agat tuaslagóirí a úsáid.

Mar:

• Tá caitheamh tobac míshláintiúil agus contúirteach.
• Tá cosc air sa dlí ar chaitheamh toitíní agus ag ól alcóil ar thalamh an choláiste agus sa teach loistín.
• Tá substaintí mídhleathacha agus roinnt substaintí eile contúirteach agus míshláintiúil.
• Is féidir le fadhbanna sláinte eascairt as teagmháil chraicinn le tuaslagóirí nó ó ionanálú óna gcuid gal. Ina theannta sin tá mórán gal atá inlasta agus pléascach.

4) Go gcoinneoidh tú tú féin agus daoine eile slán sábháilte Ciallaíonn sin:

a) Níl cead agat an teach lóistín a fhágáil idir am suipéir agus am bricfeasta an chéad mhaidin eile.
b) Níl cead agat dul ag snámh, am ar bith, áit ar bith, ach amháin ag an am agus ins an áit atá leagtha síos.
c) Níl cead agat síob a iarraidh nó síob a ghlacadh i gcarranna.
d) Tá cosc ar steallairí aerosol agus ar lasracha gan chosaint mar choinnle.
e) Caithfidh tú cead a fháil ó údaráis an choláiste chun ceantar an choláiste a fhágáil.
f) Siúlann tú go hordúil agus go cúramach ar na bóithre.
g) Bíonn cosc iomlán ar sceana, léasair nó aon chineál arm ionsaitheach.

Mar:

• Tá sé contúirteach a bheith as láthair ón teach loistín san oíche gan fheitheoireacht
• Tá an fharrraige fíorchontúirteach
• Níl gá le síobanna agus níl aon aithne agat ar an tiománaí

• Tá steallairí serosol agus lasracha gan chosaint contúirteach.
• Caithfidh an coláiste fios a bheith acu cá bhfuil tú agus an bhfuil tú faoi chúram an choláiste.
• Bíonn bealaí beaga tuaithe, go speisialta in áit choimhthíoch, contúirteach.
• Tá freagracht ag an coláiste duit ar do bhealach go dtí an coláiste agus ar do bhealach ar ais go dtí an teach loistín.
•Tá sceana, cipíní, lastóirí agus léasair contúirteach.

5) Go n-iompraíonn tú tú féin mar is ceart sa choláiste agus sa teach loistín. Ciallaíonn sin:

a) Bíonn tú sa choláiste, ar ais sa teach loistín agus ag stad an bhus ag na hamanna a leagtar amach.
b) Ní bhíonn iompar crosta nó garbh ar siúl agat le scoláirí eile
c) Seachnaíonn tú iompar callánach agus tríoblóideach.
d) Ní bhriseann tú, ní loiteann tú agus ní dhéanann tú aon damáiste do mhaoin nó do threalamh a bhaineann leis an choláiste nó leis an teach loistín/bean a' tí.
e) Ní cheadaítear guma coganta sa choláiste ná sa chlós.
f) Múchann tú do ghuthán phóca agus fágann tú é faoi chúram do bhean a' tí.
g) Ní dhéanfaidh tú aon fhocal scríofa, pictiúir nó ábhair eile a thairgeadh, a thaispeáint nó a dháileadh m.sh. trí facebook agus/nó aon mheán eile ar an idirlíon, a d'fhéadfadh imeagla nó náire a chur ar dhuine nó a chlú a mhilleadh.
h) Níl cead agat ach grianghraif a ghlacadh agus íomhanna a thaifeadeadh do d'úsáid phearsanta féin. Níl cead agat aon íomhanna a bhaineann leis an choláiste a uaslodáil ar shuímh idirlín, Facebook, srl.
i) Níl cead ag gasúr gaol ródháiríre a chur ar bun le girseach nó a mhalairt.
j) Is faoi bhean a' tí a bheas sé breis rialacha a leagan síos sa teach lóistín agsu caithfidh tú cloí leo.
Mar:

• Cuireann tú isteach ar an chóras má bhíonn tú mall agus cuireann tú do chuid ama féin agus am daoine eile amú.
• Cuidíonn iompar sásúil linn an coláiste a reáchtáil go maith.
• Is féidir le taismí nó gortuithe tarlú de bharr iompair ghairbh.
• Bíonn sé níos sábháilte nuair a chloítear le rialacha agus nuair a leantar treoracha múinteoirí mar cuidíonn sin le maoirsiú ar fud an choláiste.
• Caithfidh scoláirí eile maoin an choláiste a úsáid ar chúrsaí eile agus bíonn deisiúcháin /athsholáthair costasach.
• Tá gach duine freagrach as bheith ag cuidiú le timpeallacht an choláiste a choinneáil taitneamhach.
• Scriosann guma coganta an t-urlár, an troscán agus an tarmac srl. ar fud an choláiste agus sa teach loistín.
• Tá cosc ar úsáid fóin póca i rith an ama diomaite na hamanna a leagtar amach, go mar gcuireann siad isteach ar iarrachtaí an choláiste atmaisféar Gaelach a chothú agus a chaomhnú.
• Má úsáidtear gutháin phóca nó aon trealamh leictreonach eile is cur isteach é ar reáchtáil éifeachtach an choláiste.

• Is féidir le teachtaireachtaí Facebook/idirlín a bheith maslach agus duine eile a ghortú.
• Tá cead ag gach scoláire príobháideachas a bheith aige.
• Is faoin Ardmháistir a bheidh sé deileáil go ciallmhar le gaoil idir daltaí.
• Tá an ceart ag bean a' tí a teach loistín a eagrú go héifeachtach.

Bearta choisctheacha

I gColáiste Chara spreagfar daltaí ina gcuid iarrachtaí seasamh leis an Chód Iompraíochta trí na bearta seo a leanas:

1. Foilsítear an Cód Iompraíochta ar shuíomh idirlín an choláiste i mBéarla agus i nGaeilge agus foilsítear leagan achomair sa bhroisiúr agus sa chomhfhreagras a chuirtear chuig tuismitheoirí roimh thús cúrsa.
2. Iarrtar ar dhaltaí agus ar a dtuismitheoirí é a léamh ar an suíomh idirlín agus a naontú lena bhfuil ann a shíniú. Agus sin á dhéanamh acu admhaíonn siad a dtacaíocht dó agus a gcomhoibriú leis. Tá sé seo ann le cinntiú go dtuigeann tuismitheoirí agus daltaí cad iad ár gcuid rialacha, cén fáth ar gá cloí leo agus cad iad na nósanna imeachta a leanfar mura gcoinnítear iad.
3. Ag tús gach cúrsa míníonn Ardmhaistir an chúrsa an Cód Iompraíochta leis na scoláirí uilig go dátheangach. Déantar é sin le deis a thabhairt do scoláirí smaoineamh faoi agus labhairt ar chúrsaí iompair, foghlama agus rialacha ionas go dtuigfidh siad cad é a chiallaíonn an Cód Iompraíochta dóibh.
4. Aithnímid i gColáiste Chara go bhfuil dlúthbhaint idir teagasc agus foghlaim éifeachtach agus dea-iompar. Nuair a bhíonn scoláirí páirteach agus spreagtha chun foghlama, is mó an seans go mbeidh a n-iompar dearfach.
5. Má sháraíonn scoláire riail, iarrtar air in amanna a mhíniú an riail a sháraigh siad, a mhíniú cén tionchar a bhí ag an sárú sin ar bhaill phobal an choláiste, agus cén dóigh a dtiocfadh leo gníomhú go difriúil amach anseo le nach sáródh siad an riail arís. Déantar é sin chun íogaireacht agus tuiscint an scoláire do dhaoine eile a fhorbairt agus chun cuidiú leo cloí le rialacha an choláiste amach anseo.
6. Leagann polasaí Frithbhulaíochta Choláiste Chara atá foilsithe ar an suíomh idirlín fosta, na céimeanna a ghlactar maidir le sárú líomhnaithe an pholasaí.
7. Cinnteoidh an coláiste go gcuirfear caighdeáin agus rialacha in iúl ar dhóigh a thuigfidh daltaí le riachtanais speisialta oideachais.

Luaíochtaí

I gColáiste Chara úsáideann múinteoirí na modhanna seo a leanas chun a seasamh leis an chód iompraíochta a chúiteamh le daltaí:

• An scoláire a mholadh ó bhéal go príobháideach
• Ráiteas dearfach i leith an scoláire a fhógairt ón stáitse.
• An scoláire a mholadh ó bhéal ag tús ranga
• Ról ceannaireachta a thabhairt do scoláirí mar chuiditheoirí/réiteoirí.
• Éachtaí oibre scoláirí a chur ar taispeáint ar na cláir fógraí.
• Éachtaí oibre scoláirí a chur in iúl do thuismitheoirí

Straitéisí agus Smachtbhannaí

Is í is feidhm do na straitéisí agus do na smachtbhannaí seo athrú a thabhairt ar iompar. Cuidíonn siad le scoláirí foghlaim go bhfuil a n-iompar míshásúil agus foghlaim fosta chun freagracht a ghlacadh as a n-iompar.

Úsáidtear na straitéisí agus na smachtbhannaí seo a leanas ionas go dtuigfidh ár gcuid scoláirí go bhfuil roghanna acu faoina n-iompar féin agus go mbíonn iarmhairtí ag dul le gach rogha. Tá siad céimnithe ionas go nglactar san áireamh cineál agus comhthéacs an teagmhais:

• Cur i gcuimhne rialach nó soiléiriú rialach
• Rabhadh don scoláire
• Agallamh nó plé leis an scoláire a chur in iúl an iompair a bhfuiltear ag súil leis
• Leagan amach ná suíochán a athrú nó suíochán an dalta a bhogadh sa tseomra ranga
• Ag comhlíonadh tasc éigin úsáideach sa choláiste
• Leithscéal a ghabháil le múinteoir, bean a'tí nó duine eile de fhoireann an choláiste.
• Glaoch gutháin ar thuismitheoirí
• An dalta a thógáil ar shiúl ó láthair an teagmhais ach é go fóill faoi mhaoirseacht

Áirítear na rudaí seo a leanas i measc straitéisí agus smachtbhannaí as míghníomhartha níos tromchúisí nó as sáruithe leanúnacha ár gcóid iompraíochta. Ní gá gur san ord a liostaítear iad seo is féidir a gcur i bhfeidhm:

• Taifead foirmiúil a dhéanamh den sárú rialach

• Glaoch gutháin chuig tuismitheoirí
• Díbeart ón choláiste
Is é an múinteoir an chéad fhoinse chuidithe do scoláirí. Mar cheannaire léinn agus mar dhuine a bhfuil caidreamh iontaoibh bunaithe aige, beidh tionchar láidir ag an mhúinteoir ar scoláirí. Tá freagracht ar gach múinteoir iompar a bhainistiú ina seomra féin agus déileálfaidh siad le gnáththeagmhais mhí-iompair trí straitéisí bainistíocht ranga. Scoláirí nár tháinig an bunathrú iompraíochta inmhianaithe orthu ainneoin míle dícheall an choláiste cuirfear chuig an Ardmháistir iad.

Straitéisí a bhaineann le sáruithe leanúnacha den Chód Iompair

1. Má tharlaíonn sárú rialacha arís agus arís eile is féidir go gcuirfear scéal abhaile chuig na tuismitheoirí ag míniú dóibh cad é an choir (nó coireanna) a tharla agus ag iarraidh orthu cur ina luí ar an scoláire chomh tábhachtach is atá sé cloí le rialacha an choláiste.

2. Má sharaíonn scoláire riail na Gaeilge cuirfear a (h)ainm ar an liosta béarla agsu labharfar leis/ lei.

3. I gcás scoláire a sháraíonn an riail na Gaeilge arís agus arís eile cuirfear scéal chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí.

4. Má bheirtear ar scoláire ag úsáid fón poca nó fón poca a bheith ina sheilbh aige ar áitreabh an choláiste nó mórthimpeall an choláiste tógfar an fón uaidh.

5. Feidhmeoidh an tArdmháistir lasmuigh den phróiseas seo ar mhaithe le haire agus sábháilteacht na scoláirí, bunadh na dtithe agus na foirne más gá.

6. Tá sé d'údarás ag an Ardmháistir scoláire a dhibirt as Coláiste Chara más sárú tromchúiseach den Chód Iompraíochta atá ann

7.Díbreofar scoláire go huathoibríoch ón chúrsa Choláiste Chara má sháraíonn sé bunrialacha sabháilteachta mar úsáid substaintí mídhleathacha, ólachán, as láthair ón teach loistín san oíche nó ag snámh gan chead agus coireanna tromchúiseacha eile mar bulaíocht leanúnach nó máistíneacht.

Ní liosta iomlán é seo.

8. Is feidir nach mbeidh cead ag scoláire pilleadh ar Choláiste Chara an chéad bhliain eile má thig Coiste Choláiste Chara ar an chinneadh seo

Sa chás go mbíonn an Ardmháistir agus an Leas-ardmháistir ag smaoineamh ar scoláire a dhíbirt ón choláiste déanfar gach iarracht dul i gcomhairle le tuiste an scoláire roimh ré. Tabharfar deis don scoláire labhairt leis an tuiste sula ndéanfar cinneadh an scoláire a dhíbirt ón choláiste.

Coiste Feidhmiúcháin Choláiste Chara ar 02/10/2025

Síniú: Maireád Ní Bhrádaigh Dáta: 02/10/2025

(Cathaoirleach Choiste Choláiste Chara)

Síniú: Caroline Ni Bhradaigh Dáta: 02/10/2025

(Rúnaí Choiste Choláiste Chara)

Déanfar athbhreithniú ar an pholasaí seo i 2026